7

# Na hOibrithe PPN



Tá Oibrí Acmhainní ag gach PPN (cé go bhféadfaidh teidil dhifriúla a bheith i bhfeidhm i PPNanna difriúla, úsáidtear an téarma 'Oibrí Acmhainní' sa Lámhleabhar seo). Is é ról an Oibrí Acmhainní tacú leis an Rúnaíocht agus leis an PPN Iomlánach agus dualgais agus tascanna a dhéanamh thar ceann an PPN, i gcomhréir le Plean Oibre an PPN. Ó 2019 i leith, tugann Oibrí Tacaíochta tacaíocht d'obair an Oibrí Acmhainní i bhformhór na PPNanna. Féadfaidh na hOibrithe Acmhainní agus na hOibrithe Tacaíochta (na hOibrithe PPN, i dteannta a chéile) a bheith fostaithe ag an Údarás Áitiúil, ag an Eagraíocht Óstála nó ag Cuideachta Tacaíochta PPN sainchuspóireach.

Is í an Rúnaíocht a éascaíonn agus a chumasaíonn gnáthghníomhaíochtaí na nOibrithe PPN thar ceann an PPN Iomlánach. Agus sin á dhéanamh, is tábhachtach go leantar dea-chleachtais Acmhainní Daonna.

!

**Ní mór Coiste Idirchaidrimh Foirne, a bheadh comhdhéanta de thriúr ball den Rúnaíocht, a bhunú, chun plé go díreach leis na hOibrithe PPN agus chun tacú leo ina ról. Ní mór oiliúint acmhainní daonna a chur ar bhaill an Choiste Idirchaidrimh Foirne seo sula dtosaíonn siad amach ina bpost ar an gCoiste Idirchaidrimh Foirne.**

Cibé slí a bhfuil na hOibrithe PPN fostaithe, oibríonn siad thar ceann an PPN amháin agus is ceart dóibh iad féin a chur ar an eolas faoi na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann lena PPN.

Maidir le roinnt Oibrithe PPN atá fostaithe ag an Údarás Áitiúil, d'fhéadfadh struchtúr bainistíochta líne laistigh den Údarás Áitiúil sin a bheith i gceist leo. De bharr go bhfuil an PPN neamhspleách ón Údarás Áitiúil i bhfeidhmiú a róil, is ceart struchtúr bainistíochta líne ar bith a theorannú chuig saincheisteanna Acmhainní Daonna agus ní féidir leo tionchar a imirt ar oibriú an PPN ná ar fheidhmíocht a ndualgais PPN ag na hOibrithe PPN. An fhad a mhaireann sannachán chuig an PPN, ní féidir dualgais lasmuigh den ról sin a thabhairt d'Oibrithe PPN, ná iarraidh orthu dualgais mar sin a dhéanamh, gan dul i gcomhairle an PPN roimh ré agus comhaontú a fháil uaidh.

Sa chás go nglacann an PPN le oiliúnaithe, oibrithe Tús nó oibrithe ó Scéimeanna eile, ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil rochtain ar oiliúint agus deiseanna um méadú acmhainneachta acu sa ról atá acu, go bhfuil siad ar an eolas go hiomlán faoi na beartais agus na nósanna imeachta a oibríonn an PPN agus go dtugtar tacaíocht dóibh lena gcuid oibre.

# Ról an Oibrí PPN

Tá ról an Oibrí Acmhainní agus an Oibrí Tacaíochta mar atá leagtha amach ina dtuairisc poist faoi seach.

Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag na hOibrithe tacú le:

- Plean Straitéiseach a Fhorbairt
- cur chun cinn an PPN
- riachtanais Bhallghrúpaí PPN maidir le méadú acmhainneachta, líonrú agus faisnéis
- Ionadaithe PPN ar Bhoird agus ar Choistí
- Rúnaíocht PPN
- tacú leis an PPN idirchaidreamh a dhéanamh leis an Údarás Áitiúil chun clár oibre an PPN a bhrú chun cinn
- obair PPN ar an leibhéal náisiúnta

## Plean Straitéiseach a Fhorbairt

Is ceart do gach PPN Plean Straitéiseach a bheith i bhfeidhm aige a mhaireann tréimhse trí go cúig bliana, ag brath ar leithdháiltí maoinithe bliantúla. Is ceart do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach sin a fhorbairt; is ceart don Rúnaíocht agus do na hOibrithe é a scríobh; agus is ceart don PPN Iomlánach é a cheadú.

## An PPN a Chur Chun Cinn

Is ceart don PPN na buntáistí a bhaineann le hionadaíocht phobail ar Bhoird agus ar Choistí a chur chun cinn go réamhghníomhach. Tá ról lárnach ag na hOibrithe PPN sa chur chun cinn sin.

## Tacaíocht a chur ar fáil do Bhallghrúpaí

### *An Bunachar Sonraí Ballraíochta a Choimeád*

Féadfaidh an Rúnaíocht feidhmiú an Bhunachair Shonraí Ballraíochta ó lá go lá a tharmligean chuig na hOibrithe PPN. Ní mór don Rúnaíocht a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar na hOibrithe PPN faoin tslí leis an mbunachar sonraí a úsáidtear chun ballraíocht an PPN a bhainistiú a fheidhmiú, chomh maith le hoiliúint faoi chosaint sonraí, lena chinntiú go gcomhlíonann an úsáid a mbaineann siad as an mbunachar sonraí leis an dlí, agus lena chinntiú go bhfuil Treoirlínte maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm.

### *Oiliúint agus Méadú Acmhainneachta*

Is príomh-thacaíocht a chuireann na PPNanna ar fáil iad oiliúint agus deiseanna um méadú acmhainneachta a chur ar fáil do Bhallghrúpaí. Is ceart do na hOibrithe PPN Anailís ar Riachtanais Oiliúna a fhorbairt agus a scaipeadh ar Bhallghrúpaí an PPN gach dhá bhliain ar a laghad lena fháil amach cad iad na riachtanais oiliúna atá acu. Is ceart

don Anailís ar Riachtanais Oiliúna sin díriú ar phríomhchuspóir an PPN – riachtanais na mBallghrúpaí chun deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht bheartais áitiúil. Féadfaidh na hOibrithe PPN teacht ar an eolas, trína gcuid oibre, faoi riachtanais oiliúna eile a bheadh ag na Ballghrúpaí.

Is ceart do na hOibrithe PPN iarracht a dhéanamh deiseanna oiliúna agus méadaithe acmhainneachta a aimsiú do Bhallghrúpaí bunaithe ar bhuiséad oiliúna arna chomhaontú an tráth a fhorbraítear Plean Oibre an PPN agus arna cheadú ag an PPN Iomlánach. Is ceart don oiliúint a bheith saor in aisce nó ar chostas íseal do Bhallghrúpaí. Níl an PPN freagrach as freastal ar na riachtanais ar fad arna sainaithint ag a Bhallghrúpaí. Tá raon clár oiliúna á thairiscint ag na hearnálacha Pobal agus Deonaí, Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Comhshaoil.

### *Faisnéis a Sholáthar*

Is ceann de na príomhchúiseanna a fhéadfaidh grúpa éirí ina bhallghrúpa is ea faisnéis agus tacaíocht maidir le réimsí ábhartha do na Ballghrúpaí a sholáthar. Beidh spéis faoi leith ag Ballghrúpaí i bhfaisnéis faoi dheiseanna maoinithe.

Ina gcáil mar phríomhphointí teagmhála, is dócha gurb iad na hOibrithe PPN a gheobhaidh an fhaisnéis sin ar dtús agus ní mór dóibh í a scaipeadh ar Bhallghrúpaí an PPN go tráthúil.

Chun tacú le rannpháirtíocht na mBallghrúpaí, forbróidh na hOibrithe PPN tuarascáil don PPN Iomlánach faoi obair an PPN ó dháta an chruinnithe deiridh a bhí ag an PPN Iomlánach.

### *Tacaíochtaí Comhairliúcháin*

Chomh maith le tacú leis na hIonadaithe PPN arna dtoghadh ag an PPN chun ionadaíocht a dhéanamh orthu ar Bhoird agus ar Choistí na nÚdarás Áitiúil, éascaíonn an PPN a Bhallghrúpaí a dtuairimí a thabhairt i raon comhairliúchán atá tábhachtach dóibh. Is iad na hOibrithe PPN a fhógraíonn na comhairliúcháin sin, de ghnáth, agus is iad a chinneann an tslí ar cheart iad a éascú. Baineann go leor ama leis an obair sin agus braitheann sí go mór ar thacaíocht ón Rúnaíocht agus ón PPN Iomlánach.

Ag brath ar an gcomhairliúchán, d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin:

- Foirm ar líne a scaipeadh
- Aighneachtaí i scríbhinn a iarraidh trí bhíthin post/ríomhphost/foirm ar líne arna forbairt ag na hOibrithe PPN go sonrach don chomhairliúchán
- Imeachtaí comhairliúcháin a reáchtáil le Ballghrúpaí

Is iad na hOibrithe is mó seans a thabharfadh "bearnaí" sa rannpháirtíocht faoi deara, i.e. grúpaí imeallacha a mbeadh deacracht acu teacht ar TF chun aighneachtaí ar líne a dhéanamh, nó a bheadh deacrachtaí litearthachta/ uimhearthachta acu, nó a mbeadh drogall orthu tabhairt faoi phróisis oifigiúla mar gheall ar an taithí atá acu orthu. Tá na hOibrithe PPN thar a bheith tábhachtach, mar sin, lena chinntiú go bhféadfaidh gach

Ballghrúpa PPN a bheith rannpháirteach go héifeachtach.

Ní mór go mbeadh Bunreacht i bhfeidhm ag gach PPN chun a ghníomhaíochtaí a rialú. Ní mór don PPN an Bunreacht sin a fhorbairt i gcomhar lena Bhallghrúpaí agus ní mór don PPN Iomlánach é a cheadú. Is ceart do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht athbhreithniú a dhéanamh ar an mBunreacht go rialta lena chinntiú go bhfuil sé i gcomhréir le téarmaí an Lámhleabhair seo, leis na Ciorcláin ar fad ón Roinn agus le cuspóirí an PPN.

### *Tacú le Fís le haghaidh Folláine Phobail a Fhorbairt*

Tá an Fhís le haghaidh Folláine Phobail beartaithe fís a leagan amach le haghaidh folláine an phobail don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht. Is tionscadal tábhachtach don PPN é a chinntiú go gcuireann PPNanna am ar leataobh chun an méid ar mian leis na Ballghrúpaí a bhaint amach dá bpobal a fhiosrú, le go bhféadfaidh na huaillmhianta sin a bheith mar bhonn eolais d'obair na PPNanna. Tá a bhFís le haghaidh Folláine Phobail forbartha ag roinnt PPNanna agus tá siad á n-úsáid mar bhonn eolais dá gcuid oibre i gcomhairliúcháin agus don ionchur ó Ionadaithe. Dá bharr sin, is cuid lárnach d'obair na PPNanna é sin.

Is fiú go mór an próiseas chun Fís le haghaidh Folláine Phobail (an Fhís) a fhorbairt, cé go bhfuil go leor ama i gceist leis. Teastaíonn comhairliúcháin le Ballghrúpaí, comhairliúcháin ar líne, dréachtú agus leasú sular féidir doiciméad críochnaitheach, láidir a sheoladh chuig an PPN Iomlánach lena cheadú, doiciméad ina léirítear tuairimí an PPN go soiléir. Agus í ag tacú le forbairt na físe sin, beifear ag súil go bhfreastalóidh an Rúnaíocht ar oiliúint ar an bpróiseas a úsáidtear chun an Fhís a fhorbairt agus, nuair is gá, ar na scileanna éascaithe a theastaíonn chun comhairliúcháin le Ballghrúpaí a éascú.

Is ceart do bhaill na Rúnaíochta a bheith ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ionchur do na comhairliúcháin agus chun an dréacht-fhoclaíocht don chomhairliúchán a fhorbairt.

### *PPNanna Ceantair Bhardasaigh*

Tá formhór mór na gcontaetha eagraithe ina gCeantair Bhardasacha anois, áit a bhfuil cumhachtaí áirithe ag comhairleoirí agus ag baill foirne na nÚdarás Áitiúil maidir le hoibreacha oibríochta agus cothabhála sa Cheantar. Moltar do PPNanna Ceantair Bhardasaigh a eagrú i ngach Ceantar Bardasach i gceantar PPN. Is é sin an áit a ndéantar cinnteoireacht agus is ceart láithreacht i ngach Ceantar Bardasach a bheith ag gach PPN lena chinntiú go gcloistear guth an phobail. Is ceart do Rúnaíocht an PPN agus d'Oibrithe an PPN oibriú leis na Ballghrúpaí chun iad a spreagadh a bheith rannpháirteach ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh, nó ar leibhéal fo-struchtúir ar bith eile i gcathracha, ach na buntáistí a bhaineann leis sin a chur in iúl ar bhealach soiléir agus inrochtana.

I gcathracha nach bhfuil struchtúr Ceantair Bhardasaigh iontu, seans gur mian le PPNanna fo-PPNanna a bhunú i limistéir gheografacha sainithe, bunaithe ar Thoghranna nó ar Choistí Ceantair Áitiúil an Údaráis Áitiúil, b'fhéidir.

## Tacaíocht a chur ar fáil d'Ionadaithe PPN

### *Toghcháin agus Ceapacháin*

Tá ról tábhachtach ag na hOibrithe Acmhainní agus ag na hOibrithe Tacaíochta sna próisis chun Ionadaithe a ainmniú agus a thoghadh. Mar an bpríomhphointe teagmhála, eagraíonn siad na próisis ainmniúcháin, cinntíonn siad go seoltar an fhaisnéis chuig na Ballghrúpaí sách luath lena n-ainmniúchán a dhéanamh (sa chás go gcuirtear faisnéis den sórt sin ar fáil don Oibrí PPN), eagraíonn siad an vótáil sa chás go dteastaíonn toghchán, agus déanann siad cumarsáid ag gach céim den phróiseas leis an Rúnaíocht agus leis na Ballghrúpaí.

### *Oiliúint Ionduchtaithe agus Tacaíochtaí*

Socraíonn na hOibrithe PPN sceideal an oiliúnaithe ionduchtaithe do na hIonadaithe nuathofa, anuas ar an oiliúint ionduchtaithe arna heagrú ag Bord nó Coiste an Údaráis Áitiúil.

Tacaíonn siad le hIonadaithe PPN le linn a dtéarma oifige chomh maith. Ciallaíonn sin go bhfuil rochtain ag na hIonadaithe PPN ar an bhfaisnéis ábhartha roimh a gcruinnithe, go bhfuil rochtain acu ar an Teimpléad Tuairiscithe d'Ionadaithe (féach sampla in Aguisín 4) agus go meabhraítear dóibh an teimpléad a chríochnú sula ndéantar sin taobh istigh de mhéid ama réasúnach.

## Tacaíocht a chur ar fáil do Rúnaíocht an PPN

Oibrithe deonacha ar chuid de Bhallghrúpaí iad atá sa Rúnaíocht. Ról deonach atá acu ar an Rúnaíocht, lena n-áirítear na hoibleagáidí agus na freagrachtaí ar fad a bhaineann leis sin, agus cuireann na hOibrithe PPN tacaíochtaí lárnacha ar fáil don Rúnaíocht. Athraíonn an ról sin idir PPNanna ach, tríd is tríd, tugann na hOibrithe PPN tacaíocht le:

1. Toghcháin agus Ceapacháin
2. Oiliúint Ionduchtaithe agus Tacaíochtaí
3. Faisnéis Ábhartha a chur ar fáil
4. Buiséad Bliantúil an PPN a Fhorbairt
5. An Plean Oibre a Fhorbairt
6. An Tuarascáil Bhliantúil a Fhoilsiú
7. An Plean Straitéiseach a Fhorbairt

### *Toghcháin agus Ceapacháin*

Tá ról lárnach ag na hOibrithe PPN sna próisis ainmniúcháin agus ceapacháin don Rúnaíocht. Mar an bpríomhphointe teagmhála, eagraíonn siad na próisis ainmniúcháin, cinntíonn siad go seoltar faisnéis chuig na Ballghrúpaí in am trátha chun ainmniúcháin a éascú agus déanann siad maoirseacht ar an bpróiseas ceapachán. Socraíonn siad cruinnithe an PPN Iomlánaigh ina dtoghtar agus ina gceadaítear an Rúnaíocht.

### *Oiliúint Ionduchtaithe agus Tacaíochtaí*

Socraíonn na hOibrithe PPN an sceideal oiliúna ionduchtaithe do bhaill nuacheaptha na Rúnaíochta agus cinntíonn siad go dtugtar tacaíocht dóibh ina gcuid oibre. Áirítear air sin a chinntiú go bhféadfaidh gach ball nua den Rúnaíocht rochtain a fháil ar bheartais agus ar nósanna imeachta an PPN, roinnt tacaíochta a thabhairt maidir le cruinnithe Rúnaíochta a eagrú agus tacú leis an Rúnaíocht chun Plean Oibre an PPN a fhorbairt.

### *Faisnéis Ábhartha a chur ar fáil*

Is dócha gurb iad na hOibrithe PPN an chéad phointe teagmhála do raon páirtithe leasmhara agus tabharfar faisnéis áisiúil dóibh faoi réimsí atá tábhachtach don PPN tríd an líonrú eatarthu. Beidh cuid mhaith den fhaisnéis sin ábhartha don Rúnaíocht agus is ceart do na hOibrithe PPN a chinntiú go gcoinnítear an Rúnaíocht cothrom le dáta agus go ligtear dóibh a ndualgais a fheidhmiú. Féadfar iarraidh ar an Oibrí Acmhainní tuairiscí airgeadais agus oibriúcháin a thabhairt don Rúnaíocht ag a gcruinnithe chomh maith.

### *Buiséad Bliantúil an PPN a Fhorbairt*

Is ceart don Rúnaíocht oibriú leis na hOibrithe PPN chun an Buiséad bliantúil a cheapadh lena cheadú ag an PPN Iomlánach agus is ceart dó a bheith i gcomhréir le Bunreacht an PPN, lena chuspóirí, lena Phlean Oibre, lena Phlean Straitéiseach agus leis na Ciorcláin ón Roinn.

### *An Plean Oibre a Fhorbairt*

Tá an Rúnaíocht freagrach as Plean Oibre an PPN a fhorbairt agus déantar sin i gcomhairliúchán leis an Údarás Áitiúil, i gcomhar leis na hOibrithe PPN agus i gcomhairliúchán le Ballghrúpaí. Cuirtear an Plean Oibre sin ar aghaidh chuig an PPN Iomlánach ansin lena cheadú.

Ní mór do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht chun an Plean Oibre sin a fhorbairt agus chun a chinntiú gur féidir é a chur faoi bhráid an PPN Iomlánaigh in am trátha lena cheadú nó lena leasú sula gcuirtear i bhfeidhm é.

### *An Tuarascáil Bhliantúil a Fhoilsiú*

Déantar soláthar, sna tuairiscí poist do na hOibrithe Acmhainní agus do na hOibrithe Tacaíochta do dhualgais ghinearálta de réir mar a bhíonn de dhíth ag an PPN lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach. Áirítear ar na dualgais sin, ach níl siad teoranta do, tacú leis an Rúnaíocht tuairisceán na Tuarascála Bliantúla a thabhairt chun críche go tráthúil. Is ríthábhachtach go dtugtar na tuairisceáin sin chun críche agus go gcuirtear ar ais iad faoin spriocdháta a thugtar ina leith. Mura ndéantar sin, seans go mbeidh tionchar ar na leithdháiltí maoinithe.

### *An Plean Straitéiseach a Fhorbairt*

Is ceart do gach PPN Plean Straitéiseach a bheith i bhfeidhm aige a mhaireann tréimhse trí go cúig bliana, ag brath ar leithdháiltí maoinithe bliantúla. Is ceart do Bhallghrúpaí an PPN an Plean Straitéiseach sin a fhorbairt; is ceart don Rúnaíocht agus do na hOibrithe é a scríobh; agus is ceart don PPN Iomlánach é a cheadú.

## Idirchaidreamh leis an Údarás Áitiúil

Is leis an Údarás Áitiúil atá ceann de phríomh-chomhchaidrimh an PPN. Is é an PPN an bealach chun an ionadaíocht phobail ar fad ar Bhoird agus ar Choistí Údarás Áitiúil a dhéanamh. Is príomh-chainéal freisin é le haghaidh comhairliúchán leis an Údarás Áitiúil. Féadfaidh PPNanna tacú le hobair an Údaráis Áitiúil ach comhairliúcháin a dhéanamh lena mBallghrúpaí agus tacaíocht a thabhairt maidir le tionscadail ábhartha Údarás Áitiúil a bheadh chun tairbhe a mball.

Is ábhar spéis do Bhallghrúpaí PPN deontais atá ar fáil ón Údarás Áitiúil. Tabharfaidh an tÚdarás Áitiúil faisnéis faoi na deontais sin don PPN agus scaipfidh na hOibrithe PPN an fhaisnéis sin ar Bhallghrúpaí an PPN. Ní ceart iarraidh ar na hOibrithe PPN na deontais sin a riar thar ceann an Údaráis Áitiúil mar go mbeadh tionchar aige sin ar neamhspleácha an PPN.

Is é an tÚdarás Áitiúil a earcóidh agus a fhostóidh roinnt Oibrithe PPN, ach nuair a shannfar ar an PPN iad, is í an Rúnaíocht a éascófar iad agus a chuirfear ar a gcumas cuspóirí an PPN a bhrú chun cinn. Is ceart téarmaí an tsocraithe sin a leagan amach sa Mheabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil agus is ceart iad a shloinneadh go soiléir i socrú sannacháin ar bith atá i bhfeidhm. A mhéid agus is féidir, agus faoi réir ag soláthar buiséid, is ceart go gcuimseodh na socruithe sannacháin tréimhse shonrach ama (trí bliana a mholtar) d'fhonn comhleanúnachas a chur ar fáil don PPN ó thaobh na hOibrithe PPN, fad a aithnítear nach mbeidh imeachtaí áirithe faoi rialú na heagraíochta a dhéanann an sannadh.

## Buiséad an PPN

Is iad na hÚdaráis Áitiúla cómhaoinitheoirí an PPN. Tá an PPN freagrach don Údarás Áitiúil maidir le hairgead poiblí a chaitheamh. Ciallaíonn sin nach féidir buiséad an PPN a úsáid ach amháin chun tacú le hobair an PPN de réir cuspóirí an PPN, Bhunreacht an PPN, a Phlean Oibre, a Phlean Straitéisigh agus na gCiorclán ón Roinn. Níl an tÚdarás Áitiúil i dteideal míreanna caiteachais a cheadú roimh ré, seachas i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana idir an PPN agus an tÚdarás Áitiúil, más infheidhme.

## Idirchaidreamh leis an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail

Anuas ar mhaoiniú, tugann an Roinn Forbartha, Tuaithe agus Pobail tacaíocht do PPNanna maidir le cúrsaí oibriúchán, trí bhíthin ciorcláin ón Roinn. Ní mór do na hOibrithe PPN tacú leis an Rúnaíocht lena chinntiú go mbíonn na ciorcláin sin ar fáil do gach duine ar cheart dóibh a bheith ar an eolas fúthu, agus lena chinntiú go gcloíonn an PPN lena bhfuil iontu. Sa chás nach bhfuil an Rúnaíocht ná na hOibrithe PPN cinnte faoina bhfuil i gceist ag an Roinn i gceann ar bith dá cuid ciorclán, is ceart dóibh soiléireacht a iarraidh ar an Roinn chomh luath agus is féidir.

## Bheith ag obair ar leibhéal náisiúnta

Cé go bhfostaítear Oibrithe PPN go príomha le bheith ag obair i limistéir gheografacha a nÚdaráis Áitiúil féin, beidh deis acu bheith ag obair ar leibhéal réigiúnach nó náisiúnta le comhghleacaithe, mar shampla mar chuid de Ghrúpa Comhairleach Náisiúnta na PPNanna, ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, trí bhíthin an Chomhdháil Náisiúnta PPN a eagrú agus freastal uirthi, agus trí bhíthin bheith rannpháirteach le tionscadail agus coistí ar leibhéal náisiúnta ó am go ham. Ach aistriú ó rannpháirtíocht áitiúil go dtí rannpháirtíocht réigiúnach nó náisiúnta, tugtar deis do na PPNanna a dtaithí agus a saineolas comhchoiteann a úsáid chun ionchur a dhéanamh sna beartais agus sna straitéisí a mbeidh tionchar díreach acu orthu féin, ar a bpobail agus ar a mBallghrúpaí.

Moltar d'Oibrithe Acmhainní bheith rannpháirteach leis an Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní, áit a bhfaighidh siad tacaíocht ó phiaraí, taithí ar chomhfhoghlaim agus comhairle ar fhorbairtí dea-chleachtais.

## Toghchán chuig Oifig Rialtais

!

D'fhonn neamhspleáchas an PPN a choimeád, ní fhéadfaidh Oibrithe PPN reatha seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais ar bith, bíodh sin ar bhonn áitiúil, náisiúnta nó Eorpach, fad a bhíonn an post fós acu. Sa chás go gcinnfidh oibrí PPN seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais, ní mór dóibh éirí as a bpost **láithreach** sula gcuirfidh siad a n-ainm ar aghaidh le haghaidh ainmniúcháin.

Sa chás nach n-éiríonn le hoibrí PPN ina n-iarracht a bheith ainmnithe le seasamh i dtoghchán chun oifig Rialtais, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ón dáta ar cuireadh in iúl dóibh nár éirigh lena n-iarracht a bheith ainmnithe sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

Sa chás go n-ainmnítear an t-oibrí PPN le seasamh i dtoghchán, ach nach n-éiríonn leo a bheith tofa, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ó dháta an toghcháin sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

Sa chás go n-éiríonn leis an oibrí PPN a bheith tofa, ní mór dóibh fanacht 12 mhí ar a laghad ón dáta a dtéann a dtéarma oifig in éag sula gcuirfidh siad isteach ar ról mar oibrí PPN an athuair.

# An Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní

Tá an Líonra Náisiúnta Oibrithe Acmhainní comhdhéanta d'Ionadaithe as gach ceann de na 31 PPNanna. Tagann an grúpa sin le chéile chun dea-chleachtas ar feadh an líonra PPNanna a phlé agus chun oibriú le chéile chun an PPN a threisiú tríd is tríd. Cuireann siad na difríochtaí áitiúla agus réigiúnacha san áireamh, agus glacann siad leo.

Spreagtar Oibrithe PPN a bheith rannpháirteach le struchtúir neamhfhoirmiúla ar leibhéal réigiúnach freisin agus comhoibriú leo.

# Taisteal agus Costais

!

Íocfar taisteal agus costais réasúnacha le PPN i leith cruinnithe agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an obair agus a tharlaíonn taobh amuigh dá mbaile nó dá ngnáth-áit oibre. Íocfar costais den sórt sin de réir ghnáthaimh na hearnála poiblí agus Bheartas an PPN um Taisteal agus Costais (féach sampla in Aguisín 6) agus sa chás nach bhfuil na costais sin in-aisghabhála ó fhoinsí eile agus sin amháin (e.g. freastal ar chruinniú Údarás Áitiúil. Sa chás sin, is é an tÚdarás a d'íocfadh na costais).

